Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9362/22**

**SAN 278**
**PHARM 94**
**COVID-19 103**
**DEVGEN 104**
**PROCIV 71**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar Straitéis an Aontais Eorpaigh um shláinte dhomhanda |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht a bheidh mar bhonn don mhalartú tuairimí maidir le 'athbhreithniú ar Straitéis an Aontais um shláinte dhomhanda', a bheidh ar siúl ag cruinniú den Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sláinte) an 14 Meitheamh 2022.

**Athbhreithniú ar Straitéis an Aontais Eorpaigh um shláinte dhomhanda**

Tá na dúshláin roimh an tsláinte dhomhanda lárnach sna seasaimh atá tógtha ag institiúidí an Aontais agus ag na Ballstáit ar an leibhéal idirnáisiúnta le míonna beaga anuas.

Bhí an tAontas in ann freagrúlacht agus dlúthpháirtíocht a léiriú trí **Fhoireann na hEorpa** chun **rannchuidiú go gníomhach leis an bhfreagairt dhomhanda ar phaindéim COVID-19**. Dá bhrí sin, is é an tAontas an t-onnmhaireoir agus an deontóir vacsaíní is mó ar domhan agus tá cistiú suntasach curtha ar fáil aige don tionscnamh ACT-A agus don cholún vacsaíne COVAX atá aige. Tá sé tiomanta freisin d'acmhainneachtaí táirgthe na dtíortha atá i mbéal forbartha a mhéadú, trí nascóir na gcóras sláinte ACT-A agus trí thionscnamh Fhoireann na hEorpa (MAV+).

Ó thús na géarchéime sláinte, **thacaigh an tAontas le freagairt láidir iltaobhach agus thacaigh sé le príomhról na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir leis an bhfreagairt ar éigeandálaí sláinte a chomhordú.** Ghlac sé conclúidí ón gComhairle maidir le ról EDS[1] a neartú, d'eagraigh sé an Cruinniú Mullaigh Sláinte Domhanda[2] le hUachtaránacht na hIodáile ar G20 agus thacaigh sé le Dearbhú na Róimhe G20[3]. Bhí ról ceannasach ag an Aontas freisin sa mhachnamh ar athchóirithe chun an ailtireacht iltaobhach sláinte a neartú lena dtacaítear leis an EDS. Ina theannta sin, leis an gcinneadh ón gComhairle an 3 Márta 2022 ceadaítear don Aontas páirt dhíreach a ghlacadh i gcaibidlíocht leanúnach EDS darb aidhm comhaontú idirnáisiúnta a chur ar bun maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt paindéimí. Ar bhealach comhlántach, tá an tAontas rannpháirteach go gníomhach san obair chun na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta a leasú (IHR, 2005). Chomh maith leis sin, labhair an tAontas agus comhpháirtithe Eorpacha G7 agus G20 d'aon ghuth sna fóraim sin chun an fhreagairt iltaobhach ar an ngéarchéim sláinte a threisiú.

---

[1] An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a neartú: tá an tAontas réidh chun ról ceannasach a ghlacadh (06/11/2020)

[2] Cruinniú Mullaigh Domhanda Sláinte an 21 Bealtaine 2021

[3] Dearbhú na Róimhe ó cheannairí Stáit agus Rialtais G20. (01/11/2021)

Faoi láthair, **is iad an tAontas Eorpach agus na Ballstáit na príomhdheontóirí do thionscnaimh idirnáisiúnta chun struchtúr a chur ar iarrachtaí dlúthpháirtíochta** i bhfabhar tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, amhail cláir arna gcistiú ag EDS agus cistí iltaobhacha amhail an Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a Chomhrac, Gavi nó Unitaid, agus an tionscnamh ACT-A. Áirítear freisin ar ról lárnach an Aontais sa tsláinte dhomhanda **comhar sláinte feabhsaithe a bhunú lena thíortha comhpháirtíochta, go háirithe tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a chur ar bun.** Samplaí eile is ea an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach an 17-18 Feabhra 2022, lenar neartaíodh an comhar idir an tAontas agus an Afraic maidir le ceannasacht sláinte na mór-roinne, agus an dara cruinniú mullaigh domhanda maidir le COVID-19 a sheol na Stáit Aontaithe an 12 Bealtaine 2022, inar athdhearbhaigh na Stáit Aontaithe agus an tAontas a dtiomantas i mí Mheán Fómhair 2021[4] a gclár oibre comhpháirteach a chur chun feidhme chun an phaindéim a shárú.

Ag tógáil ar an taithí atá aige agus ar na sásraí a cuireadh i bhfeidhm le linn ghéarchéim COVID-19, go háirithe, **tá sé léirithe ag an Aontas go bhfuil sé d'acmhainneacht aige freagairt láidir chomhordaithe dhaonnúil agus sláinte a chur ar fáil don Úcráin**, do na daoine easáitithe agus do na tíortha is mó atá thíos leis. Bhí tionchar tromchúiseach ag fogha míleata gan údar na Rúise faoin Úcráin, agus ag na hionsaithe a rinne sí ar shaoráidí sláinte, ar chórais sláinte na hÚcráine agus na hEorpa, go háirithe mar gheall ar mhórphlódú isteach dídeanaithe chuig tíortha comharsanachta. Mar sin féin, anuas ar an bpráinn agus mar a rinneadh i gcás ghéarchéim COVID-19, leanfar de na dúshláin a bhaineann le tionchar an chogaidh a bhainistiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus béim á leagan arís eile ar an ngá atá le straitéis an Aontais um shláinte dhomhanda a chur le chéile.

---

**4** Ráiteas ón Uachtarán von der Leyen agus ón Uachtarán Biden ag an dara Cruinniú Mullaigh Domhanda maidir le COVID-19 (https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/STATEMENT_22_3050)

**Léirigh na géarchéimeanna comhleanúnacha sin, dá bhrí sin, a ábhartha atá sé obair a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán sláinte domhanda**. Leis an gCompás Straitéiseach[5], a glacadh an 21 Márta 2022 chun beartas slándála agus cosanta na hEorpa a neartú, leagadh béim cheana ar an ngá atá ann go n-ullmhódh an tAontas do ghéarchéimeanna domhanda sláinte a d'fhéadfadh *'brú mór a chur ar shochaithe agus ar gheilleagair, agus [ag a mbeadh] impleachtaí forleathana geopholaitiúla ag baint leo.* '. Le gníomhaíocht chuimsitheach an Aontais maidir le sláinte dhomhanda, cuimsítear níos mó ná na dúshláin roimh an tslándáil sláinte.

Seoladh go leor tionscnamh sláinte poiblí chun tacú le cur chun cinn na sláinte agus le galair neamhtheagmhálacha a chosc ar an leibhéal idirnáisiúnta mar thoradh ar ghníomhaíocht an Aontais roimh an ngéarchéim seo agus lena linn. Cuirfidh tionscnaimh uile Fhoireann na hEorpa (lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar chur chuige na hAon Sláinte Amháin i leith géarchéimeanna a chosc), leis an tsláinte dhomhanda, mar aon leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha Eorpacha atá ar na bacáin a fhaigheann tacaíocht ón gclár EU4Health.

**Is in 2010 a bhí an straitéis dheireanach maidir le ról an Aontais sa tsláinte dhomhanda.** Tá sé bunaithe ar theachtaireacht ón gCoimisiún[6] agus ar chonclúidí ón gComhairle[7] ach roimh na h**athruithe móra** a rinneadh ó shin i leith amhail Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, paindéim COVID-19 agus filleadh an chogaidh ar mhór-roinn na hEorpa, chomh maith le teacht chun cinn zónóisí nua (amhail víreas bolgaí moncaí). Is céimeanna tábhachtacha sa treo sin iad freagairt iltaobhach a struchtúrú do ghéarchéimeanna sláinte a bhaineann leis an tionscnamh ACT-A agus leis an bplé maidir leis an athchóiriú ar mhaoiniú na hailtireachta idirnáisiúnta sláinte.

---

5 Compás Straitéiseach le haghaidh slándáil agus cosaint níos láidre san Aontas sna deich mbliana amach romhainn (213/2022)

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda (31/03/2010)

7 Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda (10/05/2010)

**I dteannta na n-iarrachtaí atá déanta cheana, tá sé ríthábhachtach Straitéis an Aontais um shláinte dhomhanda a athnuachan agus a neartú chun na forbairtí suntasacha sin a chur san áireamh,** mar a áitíodh ag Comhdháil Chomhpháirteach na n-airí gnóthaí eachtracha agus na n-airí sláinte a tionóladh in Lyon an 9 Feabhra 2022. An 19 Bealtaine 2022 ag cruinniú airí sláinte G7, d'fhógair na Coimisinéirí, Stella Kyriakides agus Jutta Urpilainen. go hoifigiúil gur **cuireadh tús leis an obair ar an athbhreithniú ar Straitéis an Aontais um shláinte dhomhanda.**

Ní mór don **obair ar cuireadh tús léi leanúint ar aghaidh** anois le hAontas Sláinte na hEorpa láidir agus tacú leis na comhpháirtíochtaí agus na líonraí sin ar thug an Chomhairle gealltanas ina leith go gcuirfidh sí chun cinn sna conclúidí uaithi a glacadh i mí na Nollag 2021, lena n-áirítear le hinstitiúidí réigiúnacha amhail an tAontas Afracach agus Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc.

Sa phlé a rinneadh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí sláinte in Grenoble (an 10 Feabhra 2022), leagadh béim ar chineál idirspleách agus idirearnálach na sláinte, lena n-éilítear comhtháthú príomhearnálacha (amhail an tslándáil, an trádáil, an teicneolaíocht agus an comhshaol), ag tógáil ar na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana. I bhfianaise an idirspleáchais mhéadaithe idir comhéadain an duine, na n-ainmhithe agus an chomhshaoil agus an t-aistriú aeráide agus an t-aistriú digiteach, beidh **cur chuige na hAon Sláinte Amháin** agus coincheap **'Cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais'** i gcroílár na straitéise athbhreithnithe sin. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is féidir leis an Aontas tógáil ar thionscnaimh shonracha amhail Painéal Saineolaithe Ardleibhéil ar 'Aon Sláinte Amháin' a mhol an Fhrainc agus an Ghearmáin agus a sheol EDS, OIE, FAO agus UNEP, agus PREZODE (Dul chun cinn galar zónóiseach a chosc).

Is faoin Aontas atá sé fís Eorpach de dhúshláin dhomhanda sláinte a chomhdhlúthú agus a luachanna agus a chuspóirí a léiriú ar bhealach níos fearr ionas go mbeidh áit an Aontais i bhfóraim idirnáisiúnta i gcomhréir leis an méid a chuireann sé leis an tsláinte dhomhanda.

<u>Molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas chun an díospóireacht a threorú:</u>

***Ceist 1: Cad iad na tosaíochtaí ba cheart a chur san áireamh i Straitéis nua an Aontais um shláinte dhomhanda?***

***Ceist 2: Conas is féidir linn ár gcomhordú agus ár dtionchar ar an tsláinte dhomhanda a neartú?***

---